







An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation

# PLEAN STRAITÉISEACH

# 2017-2019

11TH AIBREÁN 2017



# Clár na nÁbhar


1 Tús Eolais P3

2 Faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta P4

3 Misean agus Spriocanna Straitéiseacha P5

4 Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht P6

5 Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de P10

6 Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de P11

7 Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm P13

8 Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr P14

9 Achoimre ar na Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha P16

Aguisín 1 Struchtúr na hEagraíochta P20



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, Éire.
Tel: +353 1 6611700 Fax: +353 1 6611269 www.aviationreg.ie R-phost: info@aviationreg.ie



Tá an Coimisiún buíoch den daa as na pictiúir atá úsáidte sa tuairisc seo.


2016 PLEAN STRAITÉISEACH
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

# Tús Eolais

Is é seo an chéad Phlean Straitéiseach a d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta le roinnt blianta anuas. Bheartaigh muid an Plean seo a fhoilsiú mar go bhfuil réimsí áirithe den chreat rialála atá

i bhfeidhm faoi láthair ar gá smaoineamh ar iad a athrú. In 2014, rinneadh ár gcinneadh is déanaí maidir le praghsanna d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus beidh an cinneadh sin i bhfeidhm don tréimhse 2015 go 2019. Caithfear an chéad chinneadh eile a chur i bhfeidhm roimh dheireadh 2019. Is tráthúil anois go ndéanfaí athbhreithniú agus feabhsú ar na próisis a d'úsáid muid sa chinneadh deireanach lena gcur i bhfeidhm sa chéad bhabhta eile. Bheadh sé i gceist anseo machnamh

a dhéanamh ar conas an leibhéal comhairliúcháin idir an aerfort, na haerlínte agus na paisinéirí

a fheabhsú agus an tsamhail rialúcháin a bhreithniú chun a chinntiú go bhfuil sé sách solúbtha le déileáil le dálaí atá ag athrú; mar shampla, an borradh le déanaí i líon na bpaisinéirí atá ag dul trí Aerfort Bhaile Átha Cliath nach rabhthas ag súil leis.

Chomh maith leis seo tá Treoir Eorpach nua ann a chaithfear a chur i bhfeidhm roimh lár 2018 maidir le cearta daoine a cheannaíonn saoirí láneagraithe ó Thionscnóirí Turas agus Gníomhaireachtaí Taistil a bhfuil ceadúnas faighte acu ón Oifig seo nó ó aon ghníomhaireacht eile de chuid na mBallstát Eorpach.

Leagan an Plean Straitéiseach seo, a chlúdaíonn an tréimhse ó 2017 go 2019, amach go soiléir cad

é a dhíreoidh muid air sna trí bliana atá romhainn agus beidh sé mar bhonn taca dár bpleananna oibre don tréimhse chéanna. Déanfaidh muid athbhreithniú bliantúil ar ár bPlean Straitéiseach le go mbeidh sé i gcónaí suas chun dáta.

# Faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta

**Rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta gnéithe áirithe de na hearnálacha eitlíochta agus taistil in Éirinn. Bunaíodh é ar an 27 Feabhra 2001 faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Is comhlacht poiblí neamhspleách é atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach do Thithe an Oireachtais.**

Tá sé de chúram ag an gCoimisiún uasteorainn na muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

a leagan síos le haghaidh tréimhsí rialúcháin de 4 bliana ar a laghad. Déantar rialú eacnamaíoch ar Aerfort Bhaile Átha Cliath toisc go bhfuil cumhacht margaidh shuntasach aige i margadh Aerfoirt na hÉireann. Mura mbeadh rialáil praghsanna ann, d'fhéadfadh Aerfort Bhaile Átha Cliath na praghsanna a ghearrtar ar aerlínte a úsáideann a chuid áiseanna a shocrú ag leibhéil atá níos airde ná mar is cuí. Is amhlaidh atá ann d'aon chomhlacht a bhfuil cumhacht margaidh shuntasach aige. Is é an cúram atá againn ná praghas a leagan síos atá an-chosúil leis an bpraghas a d'fhéadfaí a ghearradh i margadh iomaíoch, ar mhaithe le leas úsáideoirí an aerfoirt a chosaint. Cinntíonn muid freisin go gcomhlíonann an t-infreastruchtúr agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil riachtanais na n-úsáideoirí. Áirítear mar chuid de phraghas na dticéad a ghearrann na haerlínte ar phaisinéirí na muirir a bhailíonn an t-aerfort.

Tá an Coimisiún freagrach faoi reachtaíocht an AE as dualgais na hÉireann a chur i gcrích maidir le comhordú sceidil/leithdháileadh sliotán ag aerfoirt na hÉireann agus as éascaitheoir sceideal/comhordaitheoir sliotán a cheapadh, pé áit ar cuí. Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort comhordaithe in Éirinn, áit a ghabhann an t-éileamh thar an acmhainn. Ciallaíonn sé seo go

n-éilíonn níos mó aerlínte eitilt amach ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ag an am céanna ná a bhfuil d'acmhainn ag an aerfort freastal orthu. Tá freagracht orainn duine a cheapadh chun cinneadh

a dhéanamh maidir le cén t-am ar féidir le gach eitleán éirí de thalamh nó tuirlingt. Is é an comhlacht Airport Coordination Teo. a chuireann an fheidhm seo i gcrích faoi láthair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Is é an Coimisiún a bhronnann ceadúnais ar an ngnó taistil in Éirinn. Déanann Tionscnóirí Turas agus Gníomhaireachtaí Taistil iarratais ar cheadúnais gach bliain agus eisíonn muid ceadúnais dóibh má shásaíonn siad critéir áirithe. Mar chuid den fheidhm seo, riarann an Coimisiún scéim bhannaí agus ciste cosanta taistealaithe. Clúdaíonn sé seo an costas má bhíonn orainn go leor taistealaithe

a chúiteamh de bharr scoir ghníomhaireachta ceadúnaithe.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as Aeriompróirí atá bunaithe in Éirinn a cheadúnú i gcomhréir le reachtaíocht an AE. Is é an t-údarás inniúil in Éirinn freisin maidir le hoibríochtaí seirbhísí láimhseála ar an talamh a fhaomhadh ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí.

Bíonn ról suntasach ag an gCoimisiún i ndéileáil le gearáin in aghaidh na n-aerlínte agus na n-aerfort in Éirinn. Is muidne an ghníomhaireacht ar gá duit dul i dteagmháil léi nuair a dhiúltaítear cead duit dul ar bord, nuair a dhéantar íosghrádú nó má chuirtear d'eitilt ar ceal nó má bhíonn moill air. Más gá, cuirfidh muid do ghearán ar aghaidh go dtí rialálaí eile, os rud é nach ndéileálann muid ach le haerlínte a eitlíonn amach ó Éirinn nó le haerlínte AE a eitlíonn isteach in Éirinn go díreach ó áit éigin eile taobh amuigh den Eoraip.

Ina theannta sin, oibríonn muid le cinntiú go gcuirtear na deiseanna céanna aerthaistil ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas nó atá faoi mhíchumas luaineachta agus a chuirtear ar fáil do shaoránaigh eile sna haerfoirt Éireannacha ar fad. Chuige sin, déileálann muid le fiosruithe agus le gearáin i gcásanna ina dhiúltaíonn aerlíne cead dul ar bord do phaisinéir. Leagan muid amach freisin an cúnamh nach mór do na paisinéirí seo a fháil ó aerfoirt agus aerlínte. Mar fhocal scoir, fiosraíonn muid cásanna ina n-éilítear cúiteamh nuair a chailltear nó má dhéantar damáiste do chathaoireacha rothaí, trealamh luaineachta nó gléasanna cúnaimh.

Leagan Aguisín 1 amach struchtúr ár n-eagraíocht.

# Misean agus Spriocanna Straitéiseacha

Tá Plean Straitéiseach forbartha ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta don tréimhse 2017 go 2019 chun faisnéis a thabhairt d'Aerphaisinéirí, do Ghníomhaireachtaí Taistil, do Thionscnóirí Turas, d'Aerlínte, do Láimhseálaithe ar an Talamh, d'Aerfoirt agus do pháirtí leasmhara eile maidir le spriocanna oibre ardleibhéil do na trí bliana atá le teacht. D'fhéadfadh na spriocanna seo athrú le himeacht ama de bharr athraithe sa timpeallacht oibre. Faoi láthair tá an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag cur i gcrích athbhreithnithe den rialú ar mhuirir aerfoirt. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag torthaí an athbhreithnithe seo ar an obair a dhéanann an Coimisiún. D'ainneoin na héiginnteachta seo, measann muid go bhfuil sé tábhachtach faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le cad a bhfuil i gceist againn a dhéanamh go gearrthéarmach agus go meántéarmach. Cinnte, déanfaidh muid ár spriocanna straitéiseacha a choigeartú má tharlaíonn athrú ar bith ar chúrsaí.

Sna trí bliana atá romhainn, beidh sé de mhisean ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta leasa Aerphaisinéirí a chosaint. Cuirfidh muid ár misean i gcrích trí bhéim a chur ar chúig sprioc straitéiseacha.

Díreoidh muid ar na rudaí seo a sholáthar:

- *Seirbhísí aerfoirt atá éifeachtúil, d'ardchaighdeán agus feasach faoi shábháilteacht*
- *Aerlínte bunaithe in Éirinn agus Láimhseálaithe ag an trí aerfort stát atá sábháilte agus láidir ó thaobh an airgeadais de*
- *Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas Éireannacha atá láidir ó thaobh an airgeadais de*
- *Creat láidir chun cearta paisinéirí i ngach aerfort Éireannach a chur i bhfeidhm*
- *Creat rialála a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr*

Sa Phlean Straitéiseach seo, liostaíonn muid na cuspóirí ar gá dúinn a chomhlíonadh lenár spriocanna a bhaint amach. Ar a bharr sin, tugann muid tuilleadh sonraí faoi na gníomhaíochtaí a chuirfidh muid i gcrích lenár gcuspóirí a chomhlíonadh.


Tá sé i gceist againn ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainní, luach ár n-airgead a fháil agus a bheith ag oibriú faoi shocruithe rialachais chorparáidigh dhochta. Déanfaidh muid monatóireacht ar ár bhfeidhmíocht, cuirfidh muid na torthaí a fhaigheann muid i gcomparáid leis an bplean seo ag deireadh na bliana, agus cuirfidh muid tráchtas faoi sa tuarascáil bhliantúil.

# Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

Ceann de na príomhchuspóirí a bheidh ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta don tréimhse 2017 go 2019 ná rialachán maidir le praghasteorainn uasta a chur i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath de réir ár dtrí chuspóir reachtúil. . Caithfidh muid leasanna réasúnacha úsáideoirí reatha agus ionchasacha Aerfort Bhaile Átha Cliath a chosaint. Ar a bharr sin, caithfidh muid forbairt eacnamaíoch éifeachtúil Aerfort Bhaile Átha Cliath a éascú ag déanamh cinnte de go gcomhlíonann an fhorbairt seo riachtanais reatha agus ionchasacha úsáideoirí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus caithfidh muid ligean d'Aerfort Bhaile Átha Cliath oibriú agus forbairt ar dhóigh atá inbhuanaithe agus inmharthana ó thaobh an airgeadais de.

Déanfar é seo i gcomhthéacs tionscail atá ag athrú go tapa. I measc an ghrúpa aerfort a fháiltíonn níos mó ná 25 milliún paisinéir in aghaidh na bliana, d'fhás Aerfort Bhaile Átha Cliath níos tapa ná aon Aerfort Eorpach eile sa chéad sheimeastar de 2016. Ní raibh muid féin, an t-aerfort agus na haerlínte ag súil lena leithéid d'fhás ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Go contrártha, i ndeireadh na 2000í tháinig laghdú suntasach nach raibh súil leis ar líon na bpaisinéirí ag taisteal trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ó tharla go rialaíonn muid muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath gach cúig bliana, taispeánann na samplaí seo go bhfuil gá ann solúbthacht dhóthanach a thabhairt don mhúnla rialála chun déileáil leis an éileamh éiginnte ar sheirbhísí agus infreastruchtúr.

### Figiúir [1]: D'fhás Aerfort Bhaile Átha Cliath níos tapa ná aon aerfort eile san Eoraip in 2016*




*I measc an ghrúpa aerfort a fháiltíonn níos mó ná 25 milliún paisinéir in aghaidh na bliana.
Foinse an TáblaTuarascáil ACI EUROPE ar Thrácht Aerfort a eisíodh an 17ú Feabhra 2017.

### Cuspóir 1: Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath t

- Praghasteorainn uasta a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad thréimhse rialála eile 2020-2024, praghasteorainn a leanann a oiread agus is féidir praghsanna iomaíocha, ar mhaithe le leasanna úsáideoirí reatha agus ionchasacha a chosaint. Socrófar an phraghasteorainn seo tar éis cuid mhór comhairliúcháin a dhéanamh in 2018 agus 2019. Roimhe seo, forbróidh muid polasaí atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas rialála is fearr agus a ligfidh dúinn ár gcuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Mar pháirt den réamhullmhúchán seo, rachaidh muid i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara maidir leis na prionsabail mhuirir a mhol an Fóram Náisiúnta Eitlíochta Sibhialta le socrú cén stádas a bheidh acu faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair. Is fiú a thabhairt faoi ndeara nach gcuireann an creat rialála reatha cosc ar Aerfort Bhaile Átha Cliath tosnú ar chomhaontaithe déthaobhacha a dhéanamh.

[1] In 2016 thosaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar athbhreithniú a dhéanamh de rialáil margaidh Aerfoirt na hÉireann. Beidh cur i bhfeidhm aon chreat nua reachtach a eascraíonn ón athbhreithniú mar chuid dár straitéis 2017-2019.

# Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

Téann muirir aerfoirt iomaíocha chun leasa paisinéirí go díreach trí tháillí a laghdú, agus go hindíreach trí go leor eitiltí a dhéanamh brabúsach d'aerlínte, ach go háirithe eitiltí saora agus eitiltí gearraistir. Mar shampla, mar a luaitear san aighneacht ar chomhairliúchán a rinne muid os comhair na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt , ba é 13% dá gcostais iomlán na muirir aerfoirt a bhí ag aerlíne ísealchostais ar nós Ryanair don bhliain airgeadais dar críoch 31 Márta 2016.

## Tábla [1]: Muirir aerfoirt mar chion de chostais aerlíne ísealchostais agus praghsanna ticéad a d'íoc paisinéirí

| Costais Ryanair / an Bhliain dar críoch Márta 2016 | | |
|---|---|---|
| Breosla | €19 | 32% |
| **Muirir aerfoirt agus láimhseála** | **€8** | **13%** |
| Muirir aerbhealaí | €6 | 10% |
| Costais foirne | €6 | 9% |
| Eile | €9 | 15% |
| Brabús Oibriúcháin | €14 | 22% |
| Iomlán | €61 | 100% |

Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Ryanair 2016

- Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhoráil chostéifeachtúil tionscadal caipitil, ach go háirithe tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh, ag tabhairt dreasachtaí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun go n-oibreoidh sé go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe chun leasa na n-úsáideoirí reatha agus ionchasacha. Is é tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh an dara tionscadal is mó  a tharla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ónar tosaíodh ar rialú a dhéanamh in 2001 i ndiaidh do Chríochfort 2 a thógáil.

## Tábla [2]: An Rúidbhealach Thuaidh mar % den Liúntas Caipitil Iomlán do 2015-2019

| Cineál Liúntais | Méid | Cion |
|---|---|---|
| **An Rúidbhealach Thuaidh** | **€246.7 milliún** | **38%** |
| Liúntas Truicteartha Eile | €61.3 milliún | 9% |
| Ceadaithe Solúbtha | €260 milliún | 40% |
| Ceadaithe Neamh-Sholúbtha | €81 mhilliún | 12% |
| Iomlán | €649 milliún | 100% |


Foinse: Cinneadh an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta 2014

- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chomhlíonadh mhuirir aerfoirt, chomh maith le táillí a ghearrtar ar aerlínte do phaisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta agus ar chaighdeán na mbeart seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag paisinéirí, lena n-áirítear paisinéirí faoi mhíchumas, ar seirbhísí éifeachtúla d'ardchaighdeán i gcónaí.

[2] http://www.aviationreg.ie/_fileupload/2016/2016-09-16%20CAR%20response%20to%20dept%20consultation.pdf

# Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

## Figiúir [2]: Sásamh Tomhaltóirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath




Foinse an Tábla: Thuairiscigh Aerfort Bhaile Átha Cliath Torthaí Shuirbhé ACI.

## Cuspóir 2: Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú

## Figiúir [3]: Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Páirtithe Leasmhara




- Creat a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leibhéal an chomhairliúcháin faoi mhuirir aerfoirt agus infreastruchtúr nua a ardú. Tá gá ann le comhairliúchán fiúntach agus trédhearcach idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus a pháirtithe leasmhara, ó tharla easpa iomaíochta a chinnteodh murach sin go mbeadh na muirir aerfoirt cóir agus go soláthrófaí an infreastruchtúr caipitil riachtanach chomh saor agus a d'fhéadfaí. Cabhróidh sé seo freisin le cosc a chur ar infheistíocht in infreastruchtúr nach bhfuil riachtanach agus atá neamhéifeachtúil ó thaobh chostais de. Cuideoidh sé seo linn ár gcuspóir a bhaint amach forbairt eacnamaíoch éifeachtúil a éascú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun riachtanais na n-úsáideoirí reatha agus ionchasacha a chomhlíonadh.

# Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

- Breathnú ar conas rannpháirtíocht an phaisinéara sa phróiseas rialála a fheabhsú agus cinntiú go sásaíonn na seirbhísí a sholáthraítear agus an costas a íoctar a mhianta. Déanfaidh an Coimisiún iarracht córais nua a chur i bhfeidhm le feasacht níos fearr ar mheonta agus ar riachtanais phaisinéirí a fháil agus iad seo a léiriú a oiread agus is féidir sa chinneadh ar mhuirir aerfoirt.

## Cuspóir 3: Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua sna margaí cuí a éascú

- Paraiméadair chomhordaithe sliotán a fhógairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar bhealach a bhaineann an leas is fearr as an infreastruchtúr atá ann. Ba chóir go gcabhródh sé seo le hiontrálaí nua aerlíne agus go mbeadh sé chun leasa paisinéirí. Is aerfort de leibhéal 3 (go hiomlán comhordaithe) é Aerfort Bhaile Átha Cliath, áit ina sáraíonn an t-éileamh an spás atá ar fáil; mar sin, leis an gcóras ceadúnais do leithroinnt sliotán is féidir úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní teoranta aerfoirt chun leasa úsáideoirí agus paisinéirí aerfoirt.

- Comhordaitheoir neamhspleách sliotán a cheapadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun sliotáin a leithroinnt ar dhóigh neodrach, éifeachtach, agus trédhearcach agus i gcomhréir le Treoirlínte Sliotáin Domhanda an IATA.

- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm in aghaidh Aerlínte a oibríonn gan sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. D'éirigh le smachtbhannaí a leithéid d'oibriú a laghdú, cé go bhfuil siad níos déine i gcónaí ná na smachtbhannaí a bhí i bhfeidhm in aerfoirt cosúil i Londain agus Manchain sa RA in 2015.

### Figiúir [4]: Oibriú gan sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath




- Cinntiú go bhfuil Táillí Rochtain ar Shuiteálacha (ATI) a ghearrtar ar Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne cuí, oibiachtúil, trédhearcach, agus neamh-idirdhealaitheach, ag tabhairt dá bharr sin rochtain chothrom ar an margadh.

# Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

Is é an Coimisiún an t-údarás inniúil in Éirinn maidir le hAeriompróirí a cheadúnú agus le seirbhísí láimhseála ar an talamh a oibríonn ag Aerfoirt Éireannacha a fhaomhadh. Ní mór do gach Aeriompróir

a iompraíonn paisinéirí ar aerárthach atá á fhruiliú nó a iompraíonn daoine ar luaíocht Ceadúnas Oibríochta agus Deimhniú Aeroibreora bailí a bheith acu. Eisíonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta Ceadúnas Oibríochta d'Aeriompróirí a bhfuil a bpríomhionad gnó acu in Éirinn. Ní mór d'Aeriompróir ceadúnaithe Deimhniú Aeroibreora (DAO) a bheith aige freisin, fad a bheidh an Ceadúnas Oibríochta aige. Tá Údarás Eitlíochta na hÉireann freagrach as DAOnna a bhronnadh ar Aeriompróirí Éireannacha. Déantar dlúthmhonatóireacht ar Aeriompróirí Ceadúnaithe le cinntiú go gcomhlíonann siad roinnt riachtanas, lena n-áirítear caighdeáin sábháilteachta, cumhdach árachais dóthanach agus oiriúnacht airgeadais.

Faomhann an Coimisiún freisin cuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne. Is é atá i gceist go ginearálta le láimhseáil ar an talamh ná na seirbhísí ar fad a theastaíonn ó aerárthach idir thuirlingt agus éirí de thalamh; mar shampla, aerárthach a chogairsiú, luchtú/díluchtú, athbhreoslú, láimhseáil bagáiste, láimhseáil phaisinéirí agus cothabháil aerárthaigh. Is féidir le haerlíne socrú na seirbhísí a chur ar fáil ar a son féin (láimhseáil ar a son féin) nó comhlacht eile a fhostú ar conradh (láimhseáil tríú páirtí), bíodh sin ina aerlíne eile nó ina chomhlacht láimhseála ar an talamh. Cinntíonn an Coimisiún go gcomhlíonann seirbhísí láimhseála ar an talamh faofa na riachtanais dhlí amhail oiriúnacht airgeadais agus inniúlacht theicniúil.

Tá ceadúnas tugtha ag an gCoimisiún do 14 Aeriompróir atá bunaithe in Éirinn agus do 45 oibreoirí Láimhseála ar an Talamh in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne. Níor athraigh líon iomlán na gceadúnas a eisíodh le roinnt blianta anuas, agus níor tharla ach athruithe bheaga ó bhliain go bliain. Meastar go leanfaidh sé ar aghaidh mar seo; cé go bhféadfaidh impleachtaí Brexit leibhéal áirithe éiginnteachta a chruthú má dhéanann aerlínte atá bunaithe sa RA iarratas ar cheadúnas oibríochta Éireannach chun go bhféadfaidh siad leas iomlán a bhaint as aerbhealaí Eorpacha i gcónaí tar éis Brexit. Chomharthaigh aerlínte eile freisin go bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Oibríochta Éireannach. Ar a bharr sin, bhí tionchar ag an téarnamh geilleagrach ar fhás ár

n-aerfort, go háirithe i gcás Bhaile Átha Cliath. De bharr an fháis seo, agus an fháis a bhfuiltear ag súil leis sa todhchaí, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh méadú i líon na gceadúnaithe agus/nó go méadóidh gnó na gceadúnaithe atá ann faoi láthair, ach go háirithe sa réimse láimhseála ar an talamh nuair a bheidh a thuilleadh éilimh ar na seirbhísí seo.

Cé nach bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar aon athrú suntasach ar an gcreat rialála sna réimsí seo, beidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar thionchar athbhreithniú an Choimisiún Eorpaigh ar an mBunrialachán EASA, athbhreithniú a chuimsíonn moltaí maidir le tabhairt isteach riachtanas do sholáthar sábháilte seirbhísí láimhseála. Beidh gá ann breathnú ar conas a d'fhéadfadh aon mholadh nua dul i bhfeidhm ar an gcóras láimhseála ar an talamh mar atá sé faoi láthair. Ar an mbealach céanna, déanfaidh muid monatóireacht ar mheasúnú chur i bhfeidhm Rialacháin (CE) Uimh. 1008/2008 agus ar aon athruithe sa reachtaíocht.

## Cuspóir 1: Próiseas éifeachtach a chur i bhfeidhm maidir le haerlínte agus seirbhísí láimhseála ar an talamh a cheadúnú

- Bheith éifeachtach i gcónaí trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár gcórais agus ar ár bpróisis inmheánacha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na sceidil do fhreagraí, do phróisis eisithe cheadúnais, d'athbhreithnithe, d'athnuachaintí, d'aistarraingtí agus do chúlghairmeacha.
- Tuilleadh comhordaithe a dhéanamh sna próisis leis an IAA maidir lenár gcúraimí faoi seach in eisiúint ceadúnas d'aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise.
- Breathnú ar conas go bhféadfaí cuspóirí cuí maidir le láimhseáil ar an talamh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála atá ann.

# Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

Ceannaíonn go leor daoine saoirí ó Ghníomhaireachtaí Taistil agus ó Thionscnóirí Turas. Bíonn na comhlachtaí seo bunaithe in Éirinn, áiteanna eile san Eoraip agus lasmuigh den Eoraip. Úsáidtear réimse rialacha, a leagtar amach sa reachtaíocht, chun a dheimhniú an bhfuil ceadúnas ag teastáil.

Eiseoidh an Coimisiún ceadúnais do Ghníomhaireachtaí Taistil agus do Thionscnóirí Turas a thaispeánann go bhfuil na hacmhainní gnó, eagraíochta agus airgeadais riachtanacha acu agus a bhfuil banna curtha i bhfeidhm acu chun taistealaithe a chosaint. Úsáidtear na bannaí seo, chomh maith leis an gciste cosanta taistealaithe, chun cosaint a thabhairt do chineálacha áirithe tomhaltóirí i gcás scor comhlachta (trí aisíocaíochtaí nó aisdúichiú a sholáthar).

Téann an reachtaíocht a bhaineann leis na socruithe bannaithe agus cosanta taistil reatha ar ais go dtí 1982 agus tá athruithe suntasacha tagtha ar an mbealach a chuireann daoine in áirithe agus a íocann daoine saoirí ó shin, go háirithe le teacht ar an bhfód an Idirlín. Rinneadh leasuithe ar dhlíthe na hÉireann de bharr Threoir um Sheirbhísí an AE agus rialacha trádála trasteorann. Mar thoradh ar seo, is féidir leis an gcineál agus an leibhéal cosanta atá ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha a bheith difriúil ag brath ar an áit a bhfuil an comhlacht lena bhfuil siad ag cur saoire in áirithe bunaithe, agus an cineál táirge atá á cheannach acu.

Glacadh le Treoir nua ón gCoimisiún Eorpach (2015/2302/AE) maidir le Taisteal Láneagraithe, a bhfuil mar aidhm aici cosaint a chomhoiriúnú ó Bhallstát go Ballstát. Caithfear an Treoir seo a thrasuí sa dlí Éireannach roimh Eanáir 2018 agus tiocfaidh sí i bhfeidhm in Iúil 2018. D'fhéadfadh sé seo athruithe a dhéanamh i dtimpeallacht rialála na hearnála, agus athruithe a dhéanamh ar conas a dhéanann an oifig seo a cuid oibre. Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an tionscal trádála taistil chun léargas soiléir ar riachtanais na Treorach a fháil agus ar aon athruithe do na socruithe atá ann faoi láthair a d'fhéadfaí a éileamh dá bharr. Beidh sé seo mar phríomhréimse oibre in 2017 agus rachaidh muid i i gcomhairle trí chéile leis an dtionscal trádála taistil agus le páirtithe leasmhara eile le linn dúinn ár roghanna a fhorbairt.

Tá roinnt fáis tagtha ar an tionscal trádála taistil le blianta beaga anuas, agus ardú beag ag teacht ar líon na nGníomhaireachtaí Taistil ceadúnaithe gach bliain. Ba chomhlachtaí ó thaobh amuigh d'Éirinn an chuid is mó de na hiarrthóirí. Ónar vótáil an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil, thug muid faoi ndeara gur léirigh roinnt comhlachtaí atá bunaithe sa RA go raibh suim acu brainse a oscailt in Éirinn. Le himeacht ama, beidh muid in ann an treocht seo, más ann dó, a dheimhniú.

Gach bliain, seolann Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas iarratas ar cheadúnais chuig an gCoimisiún. Déanann muid measúnú ar a gcumas airgeadais, gnó agus eagraíochta roimh theacht ar chinneadh ceadúnas a eisiúint don iarrthóir nó é a dhiúltú. Tar éis dúinn ceadúnas a eisiúint, leanann muid ar aghaidh ag déanamh measúnaithe ar fheidhmíocht na nGníomhaireachtaí Taistil agus na dTionscnóirí Turas le deimhniú go bhfuil siad ag cloí le coinníollacha an cheadúnais.

Ar an drochuair, scoireann roinnt comhlachtaí agus sna sé bliana dheireanacha tharla sé sin ceithre huaire. I ngach cás rinne an Coimisiún na haisíocaíochtaí a riaradh do na custaiméirí ar cuireadh as dóibh. Tharla an scor is suntasaí in Iúil 2016 (Lowcostholidays Spain SL) agus riaradh 4,000 éileamh dá bharr. Beidh muid ag déanamh athbhreithnithe ar na socruithe bannaithe agus cosanta do thomhaltóirí atá ann faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.

# Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

## **Cuspóir 1:** Riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chur i bhfeidhm

- Oibreoidh muid i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an tionscal trádála taistil agus le páirtithe leasmhara eile chun na hathruithe ar gá a dhéanamh do na socruithe rialála reatha a dheimhniú, le cinntiú go bhfuil coinníollacha na Treorach um Thaisteal Láneagraithe 2015 á gcomhlíonadh againn (mar shampla, i réimsí an cheadúnaithe, an bhannaithe agus na cosanta taistil). Ag an am céanna, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár bpróisis inmheánacha le cinntiú go mbeidh muid ábalta ár bhfeidhm dhlíthiúil a chomhlíonadh.

- Oibreoidh muid leis an tionscal trádála taistil agus le haon pháirtithe leasmhara eile chun roghanna a shainaithint agus aon athruithe atá riachtanach a chur i bhfeidhm. Déanfaidh muid comhairliúchán forleathan agus beidh sé mar aidhm againn an t-aistriú ón scéim reatha go dtí an scéim nua a thabhairt i gcrích gan deacracht.

## **Cuspóir 2:** Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe

- I gcomhairle leis na bpáirtithe leasmhara, déanfaidh muid athbhreithniú ar na socruithe bhannaithe agus cosanta taistil atá ann faoi láthair chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach má scoireann aon chomhlacht eile amach anseo.

- Díolann roinnt comhlachtaí saoirí le tomhaltóirí gan ceadúnas cuí a bheith acu. Má scoireann a leithéid de chomhlacht, níl a chuid custaiméirí clúdaithe faoinár scéim. Leanfaidh muid ar aghaidh ag athbhreithniú ár bpróiseas inmheánach chun monatóireacht a dhéanamh ar an earnáil ionas gur féidir linn a leithéid de ghníomhaíochtaí a fhiosrú.



# Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

Déileálann an Coimisiún le fiosruithe agus gearáin i gcásanna ina ndiúltaítear cead do phaisinéirí dul ar bord nó ina gcuirtear a n-eitiltí ar ceal nó ina mbíonn moill fhada ann. Ina theannta sin, cuireann muid i bhfeidhm cearta daoine faoi mhíchumas agus aerphaisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta.

D'fhás feasacht an phobail maidir lena chearta go réidh le roinnt blianta anuas agus cuirtear chun cinn an treocht seo ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, trí mheán feachtas sna meáin chumarsáide agus trí straitéisí poiblíochta eile. É sin ráite, tá sé le brath ónár dtaithí féin go bhfuil tuilleadh deiseanna ann chun feasacht an phobail faoina gcearta a fheabhsú. An toradh a d'fhéadfadh a bheith ar seo, agus de bharr an fháis san earnáil atá tuartha ag go leor aerfort in Éirinn, ná go bhfaighidh an oifig seo níos mó gearán sna blianta atá le teacht. Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ná go dtiocfaidh méadú ar líon na ngearán, ó tharla go mbeidh gearáin a eascraíonn as eitiltí a fhágann an RA agus a thagann go hÉirinn faoinár gcúram anois. Tá sé seo difriúil ón staid ina bhfuil cúrsaí faoi láthair, áit a ndéileálann an tÚdarás um Eitlíocht Shibhialta sa RA leis na gearáin seo.

Dá bhrí sin, tá dhá príomhaidhm ag ár straitéis don tréimhse 2017 go 2019. Ós rud é go bhfuil gach cosúlacht ann go dtiocfaidh méadú ar líon na ngearán, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár seirbhís láimhseála gearán chun a chinntiú go leanann sí ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach i gcónaí. Is fiú a thabhairt faoi ndeara, sa bhreis ar an 1,000 gearán bailí a ndéileálann muid leo gach bliain, go dtugann muid cúnamh do 3,000 duine eile trí fhaisnéis a thabhairt dóibh (féach an Tábla thíos). D'fhéadfadh muid úsáid níos fearr a bhaint as an iarracht seo trí fheasacht an phobail ar chearta paisinéirí a fheabhsú agus, mar thoradh ar sin, líon na ngearán a fhaightear a laghdú.

### **Tábla 3:** Achoimre ar an gcoibhneas idir líon na ngearán agus líon na bhfiosruithe ó 2010 - 2015.

| Bliain | Fiosruithe | Gearáin Bhailí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 2015 | 3844 | 1019 | 4863 |
| 2014 | 3039 | 1170 | 4209 |
| 2013 | 3058 | 1251 | 4309 |
| 2012 | 2449 | 823 | 3272 |
| 2011 | 2954 | 1151 | 4105 |
| 2010 | 4311 | 821 | 5132 |

### **Cuspóir 1:** Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtach agus go cothrom

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis láimhseála gearán, ag breathnú ar dheiseanna chun líon na bhfiosruithe nach bhfuil faoinár gcumas a laghdú.

### **Cuspóir 2:** Feasacht thaistealaithe ar a gcearta a fheabhsú

- Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomh gréasáin, chun feasacht ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú.
- Dul i gcomhar le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le bunús na ngearán.

# Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

Tá an timpeallacht ina feidhmíonn an Coimisiún um Rialála Eitlíochta ag athrú an t-am ar fad. Mar shampla, tá gach cosúlacht ann go n-athróidh an Treoir um Thaisteal Láneagraithe an bealach a thugann muid ceadúnais do Ghníomhaireachtaí Taistil agus do Thionscnóirí Turas agus an bealach a thugtar cosaint do chustaiméirí i gcás ina scoireann comhlacht. Beidh sé seo ina dhúshlán don Choimisiún maidir lena chinntiú go bhfuil na bearta cuí cosanta custaiméirí i bhfeidhm in Éirinn. É sin ráite, beidh bearta cosúla le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ar fad agus tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn muid ó thaithí na mBallstát eile, chun a chinntiú go bhfuil creat rialála againn in Éirinn atá oiriúnach do riachtanais custaiméirí Éireannacha.

Tá an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag déanamh comhairliúcháin maidir le rialú eacnamaíoch na muirear aerfoirt agus níl toradh an phróisis sin ar fáil go fóill. Caithfidh muid a bheith réidh chun ár gcreat rialála a athrú chun go mbeidh sé in ann moltaí an chomhairliúcháin sin a chur i bhfeidhm. Cibé ar bith é, tá ar a laghad dhá réimse ann inar féidir linn an múnla rialála reatha a fheabhsú. Is féidir linn oibriú i gcomhar leis an tionscal chun an leibhéal rannpháirtíochta idir Aerfort Bhaile Átha Cliath, na haerlínte agus paisinéirí a mhéadú i gcásanna ina nglactar cinntí a mbíonn tionchar acu ar na páirtithe seo, agus rannpháirtíocht na bpaisinéirí sa phróiseas comhairliúcháin a fheabhsú. Arís, is féidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta foghlaim ó thaithí tíortha eile chun déileáil leis na dúshláin seo.

Is dúshlán mór a bheidh ann don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta na daoine cearta a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu a choinneáil agus na scileanna sin a fheabhsú, go mór mór toisc go bhfuil éileamh mór ar na scileanna sin ar fud an gheilleagair in Éirinn. Aithníonn muid freisin mar eagraíocht bheag fhaisnéis-bhunaithe an tábhacht atá ag comhoibriú agus ag comhroinnt faisnéise chun ár spriocanna a bhaint amach. Chun é seo a dhéanamh beidh orainn a bheith solúbtha ó thaobh struchtúir ár n-eagraíocht agus ár gcúraim phoist de lena bheith in ann freagairt ar bhealach atá éifeachtach do thimpeallacht sheachtrach atá ag athrú go tapa.

Braitheann muid ar shaineolas ár bhfoirne chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus beidh orainn a bheith spreagúil agus cur lenár n-eolas lena bheith réidh i gcónaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

## **Cuspóir 1:** Córais éifeachtacha agus atá oiriúnach don aidhm a úsáid

- Déanfaidh muid athbhreithniú ar na córais trína n-eisíonn muid ceadúnais d'Aerlínte, do Sheirbhísí Láimhseála ar an Talamh, do Thionscnóirí Turas agus do Ghníomhaireachtaí Taistil chun a chinntiú go bhfuil siad suas chun dáta agus go léiríonn siad an dea-chleachtas is fearr i gcónaí. Bainfidh muid leas as taithí gníomhaireachtaí cosúla chun cabhrú linn é seo a bhaint amach. Ina theannta sin, breathnóidh muid ar an mbunleibhéal riachtanas rialála is gá d'iarrthóirí a chur i bhfeidhm.
- Bunóidh muid ár dtagarmharcanna ar thagarmharcanna gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas is fearr á úsáid againn maidir le cearta paisinéirí a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, agus chun comhlíonadh na n-aerlínte a chinntiú.

## **Cuspóir 2:** Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara

- Plean cumarsáide foirmeálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach ceann de na hearnálacha ina bhfeidhmíonn muid, lena n-áirítear na hAerlínte, Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh, Aerfoirt, Gníomhaireachtaí Taistil, Tionscnóirí Turas agus ionadaithe do phaisinéirí. Teagmháil luath agus comhairliúchán trí chéile a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus polasaí "gan iontas" a chur i bhfeidhm. Plean foirmeálta a fhorbairt do chuairteanna maidir le comhlíonadh rialála ar eintitis cheadúnaithe.

# Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

- Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le rialtóirí agus leis an tionscal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cleachtas rialála a fheabhsú. Go náisiúnta, is grúpa é an Gréasán Rialála Eacnamaíoch de na príomhrialtóirí eacnamaíocha Éireannacha, a bunaíodh mar fhreagra ar thionscnaimh an Rialtais maidir le Rialáil níos Fearr a bhaint amach. Roinneann an gréasán seo eolas faoi dhea-chleachtas, rud a thacaíonn le cur chuige rialála níos comhsheasmhaí a chur i bhfeidhm.
- Leanúint ar aghaidh de bheith rannpháirteach i bhFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt chun an dea-chleachtas is fearr a chur chun cinn i rialáil eacnamaíoch aerfort agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt. Go dtí seo bhí an Coimisiún ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa 2016 a rinne fiosrúchán ar chomhairliúchán agus ar mheánchostas ualaithe an chaipitil. Foilsíodh treoirlínte ar an leibhéal Eorpach i Nollaig 2016.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí cuí eile maidir le rialáil Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar shampla, is é an IAA an rialtóir sábháilteachta agus is luath go mbeidh sé freagrach as rialáil torainn timpeallachta. Déanfaidh muid athbhreithniú ar ár socruithe maidir le hobair chomhpháirteach chun a chinntiú go n-oibreoidh muid go héifeachtach le chéile más gá.
- Cur chuige maidir le polasaí rialála a fhorbairt mar ullmhúchán do Chinneadh 2019 ar Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr agus, ach go háirithe, maidir le hionadú níos fearr do phaisinéirí, trédhearcacht, solúbthacht, agus comhairliúchán éifeachtach idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus a chuid úsáideoirí.
- Coinneáil suas chun dáta le forbairtí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) agus faisnéis thráthúil a thabhairt do pháirtithe leasmhara.
- Plean straitéiseach a fhoilsiú don tréimhse 2017 go 2019 ina leagtar amach ár gcuspóirí don tréimhse sin agus na príomhréimsí oibre a bhfuil sé i gceist againn díriú orthu.
- Struchtúr agus ábhar ár bpríomhshuímh ghréasáin agus ár suímh ghréasáin atá dírithe ar thomhaltóirí (flightrights.ie) a athbhreithniú chun a chinntiú go dtugann muid faisnéis do pháirtithe leasmhara atá inrochtana agus sothuigthe.

## Cuspóir 3: Foireann Oilte agus Spreagtha a Chaomhnú

- Oideachas acmhainní agus pleananna forbartha a chur in oiriúint don phlean straitéiseach.
- Plean oiliúna a chur i bhfeidhm maidir le forbairt foirne bunaithe ar anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna agus inniúlachta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. Mar chuid den phróiseas seo, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár n-eolas maidir le riachtanais oiliúna ar leith a bhaineann leis an réimse Láimhseála ar an Talamh.
- Leanúint ar aghaidh d'úsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta chun an dea-chleachtas gnó is fearr a chinntiú, agus sainaithint riachtanais maidir le hoideachas agus forbairt aonair agus eagraíochtúil a éascú.
- Córas bainistíochta eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do riachtanais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta chun ár scileanna a chaomhnú agus a sfheabhsú.

[3] http://www.aviationreg.ie/news/thessaloniki-forum-on-airport-charges-recommendations-%e2%80%93-consultation-transparency-and-wacc.763.html

# Achoimre ar na Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha

## Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

| Cuspóir 1 | Gníomhartha |
|---|---|
| Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | ■ Praghasteorainn uasta a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile 2020-2024 agus breathnú ar chuir chuige rialála eile atá i gcomhréir leis an reachtaíocht.<br>■ Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil.<br>■ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh mhuirir aerfoirt agus bearta maidir le caighdeán seirbhísí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| **Cuspóir 2** | **Gníomhartha** |
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú | ■ Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn.<br>■ Breathnú ar conas rannpháirtíocht an phaisinéara sa phróiseas rialála a fheabhsú. |
| **Cuspóir 3** | **Gníomhartha** |
| Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | ■ Paraiméadair chomhordaithe sliotán a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an leas is éifeachtaí a bhaint as infreastruchtúr, ag éascú iontrála aerlínte nua sa mhargadh.<br>■ Comhordaitheoir neamhspleách sliotán a cheapadh.<br>■ Smachtbhannaí ar aerlínte a fheidhmíonn gan sliotán a chur i bhfeidhm.<br>■ Cinntiú go bhfuil na táillí a ghearrtar ar Láimhseálaithe ar an Talamh oiriúnach, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach |

# Achoimre ar na Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha

## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| Cuspóir 1 | Gníomhartha |
|---|---|
| Córas éifeachtach ceadúnaithe a oibriú | ■ Bheith éifeachtach i gcónaí trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha.<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar na sceidil do fhreagraí, do phróisis eisithe cheadúnais, d'athbhreithnithe, d'athnuachaintí, d'aistarraingtí agus do chúlghairmeacha.<br>■ Tuilleadh comhordaithe a dhéanamh sna próisis leis an IAA maidir lenár róil faoi seach in eisiúint ceadúnas d'aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise.<br>■ Breathnú ar conas go bhféadfaí cuspóirí cuí maidir le láimhseáil ar an talamh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ag aerfoirt Éireannacha faoi raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála atá ann. |

## Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

| Cuspóir 1 | Gníomhartha |
|---|---|
| Riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chur i bhfeidhm | ■ Oibriú i ndlúthchomhair leis na páirtithe leasmhara chun na riachtanais a shainiú.<br>■ Roghanna a shainaithint agus na hathruithe is gá a chur i bhfeidhm. |
| **Cuspóir 2** | **Gníomhartha** |
| Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe bhannaithe agus cosanta taistil chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach i gcónaí.<br>■ Cásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe a fhiosrú. |

# Achoimre ar na Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha

## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

| **Cuspóir 1** | **Gníomhartha** |
|---|---|
| Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtach agus go cothrom | ■ Breathnú ar dheiseanna chun líon na ngearán nach bhfuil faoinár gcumas a laghdú<br>■ Dul i gcomhar le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar bhunús na ngearán. |
| **Cuspóir 2** | **Gníomhartha** |
| Feasacht thaistealaithe ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú | ■ Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomh gréasáin, chun feasacht ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú. |


# Achoimre ar na Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| Cuspóir 1 | Gníomhartha |
|---|---|
| Córais éifeachtacha a úsáid | ■ Córais do cheadúnú Aerlínte, Láimhseálaithe ar an Talamh, Tionscnóirí Turas agus Gníomhaireachtaí Taistil a athbhreithniú chun an dea-chleachtas is fearr a chinntiú.<br>■ Tagarmharcanna a úsáid atá inchomparáide le tagarmharcanna eagraíochtaí eile chun a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas is fearr á úsáid againn i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun cinn chearta na bpaisinéirí agus chomhlíonadh na n-aerlínte. |
| **Cuspóir 2** | **Gníomhartha** |
| Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh | ■ Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm chun páirtithe leasmhara a choinneáil suas chun dáta.<br>■ Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le rialtóirí agus leis an tionscal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cleachtais rialála a fheabhsú.<br>■ Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh i bhFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt.<br>■ Comhoibriú le gníomhaireachtaí cuí eile maidir le rialáil Aerfort Bhaile Átha Cliath.<br>■ Polasaí rialála a fhorbairt mar ullmhúchán do Chinneadh 2019 ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ag baint leasa as taithí údarás rialála eile.<br>■ Coinneáil suas chun dáta le forbairtí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) agus faisnéis thráthúil a thabhairt do pháirtithe leasmhara.<br>■ Plean straitéiseach a fhoilsiú.<br>■ Suíomhanna gréasáin a athbhreithniú agus a fheabhsú. |
| **Cuspóir 3** | **Gníomhartha** |
| Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | ■ Oideachas bunaithe ar acmhainní agus pleananna forbartha a chur in oiriúint don phlean straitéiseach.<br>■ Plean oiliúna a chur i bhfeidhm maidir le forbairt foirne bunaithe ar anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna agus inniúlachta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.<br>■ Leanúint ar aghaidh d’úsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta chun an dea-chleachtas gnó is fearr a chinntiú.<br>■ Córas bainistíochta eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Commission for Aviation Regulation

# Struchtúr na hEagraíochta











An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3ú hUrlár, Teach Alexandra,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2, D02 W773,
Éire.

Tel: +353 1 6611700
Fax: +353 1 6611269
www.aviationreg.ie
R-phost: info@aviationreg.ie

PLEAN STRAITÉISEACH

# 2017-2019

11TH AIBREÁN 2017

